



An Rialálaí Agraibhia Agri-Food Regulator

An Cigire Comhlíontachta

Leabhrán Eolais maidir le hlomaíocht

Léigh é seo go cúramach le do thoil

Post:	An Cigire Comhlíontachta
Grád:	Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
Aonad:	Aonad Comhlíonta & Forfheidhmiúcháin um Chleachtais Éagóracha Trádála
Freagrach do:	An Príomhoifigeach Cúnta – Aonad Comhlíonta & Forfheidhmiúcháin um Chleachtais Éagóracha Trádála
Suíomh:	Campas Bhacastúin, Cill Droichid, Contae Chill Dara, Éire W23 X3PH
Tuarastal tosaigh:	€57,122 (ráta ranníocaíochta pearsanta pinsin (RPP)) nó €54,404 (ráta gan RPP)

An dáta deiridh chun iarratais chomhlánaithe a fháil:

12 meán lae ar Feabhra 28th 2025

Teagmhálaí: Abigail Gannon Abigail.gannon@rsmireland.ie



Forléargas ar an Rialálaí Agraibhia

Is Oifig reachtúil neamhspleách nua é an Rialálaí Agraibhia a bunaíodh i mí na Nollag 2023 faoin [Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia 2023](#) (Acht 2023) Tá an Rialálaí freagrach as cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia agus déanfaidh sé/sí é sin –

- trí anailís a dhéanamh agus tuarascálacha a fhoilsiú go rialta ar phraghsanna agus ar shonraí margaidh.
- trí thuiscint ar an dlí agraibhia um thrádáil éagórach agus a fhorfheidhmiú a fheabhsú, lena n-áirítear a bheith ainmnithe mar an tÚdarás Forfheidhmithe náisiúnta do [Threoir 2019/633 maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála sa Chaidreamh Gnólacht le Gnólacht i Slabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia ón AE \(an 'Treoir CÉT'\)](#).
- trí fheasacht an phobail i gcoitinne ar an dlí agraibhia um thrádáil éagórach agus ar ábhair ghaolmhara a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise don phobal.

Tá trí réimse oibre ar leith ag an Rialálaí

1. Aonad Anailíse ar Phraghsanna & ar Shonraí Margaidh
2. Aonad Comhlíonta & Forfheidhmiúcháin um Chleachtais Éagóracha Trádála
3. Aonad Seirbhísí Corparáideacha

Cúlra an Róil

Ainmníodh an Rialálaí Agraibhia mar an tÚdarás Forfheidhmithe faoi na [Rialacháin um Thrádáil Éagórach](#). Déantar an Treoir CÉT a thrasú i ndlí na hÉireann leis na Rialacháin sin.

Foráiltear le hAcht 2023 cumhachtaí fairsinge don Rialálaí chun na Rialacháin um Thrádáil Éagórach a fhorfheidhmiú. Féadfaidh an Rialálaí -

- cigireachtaí ar cheannaitheoirí a dhéanamh aon tráth réasúnta, lena n-áirítear cigireachtaí gan fógra.
- teacht isteach in áitreabh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach chun a chreidiúint go bhfuil taifid nó rud ar bith a úsáidtear maidir le táirgí agraibhia ann.
- scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar thaifid agus rud ar bith a úsáidtear i ndáil le táirge agraibhia a iniúchadh agus cóipeanna díobh a dhéanamh. Ní gá é sin a dhéanamh de bhun gearáin nó amhrais faoi shárú líomhainte.

Féadfaidh an Rialálaí imscrúduithe a dhéanamh ar chleachtas éagórach trádála a líomhnaítear nó a bhfuil amhras faoi chomh maith, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an Rialálaí chun a chreidiúint -

- (a) go bhfuil cion á dhéanamh, nó go bhfuiltear ar tí cion a dhéanamh ar an áitreabh, nó
- (b) gur dócha go dtiocfaí ar fhianaise ar chion ar an áitreabh.

Tá an Rialálaí Agraibhia ag iarraidh Cigire Comhlíontachta ar leibhéal Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin a ghlacfaidh páirt san eagraíocht le haghaidh deis iontach chun oibriú mar chuid den Aonad Comhlíonta & Feidhmiúcháin um Chleachtais Éagóracha Trádála.

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi freagrach do Cheann an Aonaid agus beidh ball foirne amháin ar a laghad freagrach don duine sin.

Tá an ról lonnaithe ar an gCampas Rialtais, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara.

Ról agus Freagrachtaí

Áirítear le freagrachtaí an Chigire Comhlíonta na nithe seo a leanas ach níl siad teoranta dóibh:

- A bheith i gceannas ar ghníomhaíochtaí an Rialálaí maidir le faireachán ar chomhlíonadh agus iad a bhainistiú, lena n-áirítear cuairteanna rialála ar fud na tíre.
- Foireann a bhainistiú i gcomhlíonadh na feidhme comhlíonta agus forfheidhmiúcháin.
- Gearáin a bhainistiú a fuarthas maidir le sáruithe líomhainte ar reachtaíocht um Thrádáil Éagórach, lena n-áirítear fiosrúchán agus ionchúiseamh féideartha.
- Cur leis an Aonad Comhlíonta & Forfheidhmiúcháin um Chleachtais Éagóracha Trádála le bainistiú oibríochtúil atá éifeachtach agus éifeachtúil ar an bhfeidhm laistigh den eagraíocht.
- Cur le hiarrachtaí cumarsáide an Aonaid le raon leathan páirtithe leasmhara, go háirithe maidir leis an gcreat rialála agus an cur chuige ginearálta i leith faireacháin ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú.
- Cabhrú le cultúr foghlama leanúnaí agus nuálaíochta ar fud na heagraíochta a fhorbairt.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i Líonra Forfheidhmiúcháin na hEorpa um Chleachtais Éagóracha Trádála, lena n-áirítear taisteal idirnáisiúnta féideartha.

Tabhair faoi deara: Tá na feidhmeanna agus na freagrachtaí a sannadh don ról ar dtús bunaithe ar na riachtanais eagraíochtúla reatha agus féadfar iad a athrú ó am go chéile.

Critéir Bhunriachtanacha

Tabhair faoi deara: Chun a chruthú don phainéal gearrliostaithe go gcomhlíonann tú na critéir, ní mór duit tagairt a dhéanamh go soiléir don chaoi a gcomhlíonann tú iad i d'iarratas. Má theipeann ort iad sin a léiriú, féadfar cosc a chur ar dhul chun cinn d'iarratais chuig céimeanna gearrliostaithe amach anseo.

Ní mór do gach iarrthóir na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ag tráth dúnta na hiomaíochta:

- Taithí cúig bliana ar a laghad a bheith aige/aici ar oibriú laistigh de thimpeallacht oifige chomh maith le taithí bliana ar a laghad ar bhainistiú nó ar mhaoirseacht.
- Taithí dhá bhliain ar a laghad a bheith aige/aici ar réimse an riosca, an chomhlíonta, an dearbhaithe, an iniúchta nó ar réimse gaolmhar.
- Sárscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal lena n-áirítear a bheith an-chúramach le mionsonraí.
- Cumas faisnéis a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, agus cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus ar bhreithiúnas stuama.
- Láncheadúnas tiomána a bheith agat agus rochtain ar do mhodh iompair féin.

Critéir Inmhianaithe

Tabhair faoi deara: Má tá gá le gearrliostú sa bhreis tar éis critéir bhunriachtanacha thuas, féadfar rogha de na nithe seo a leanas a mheas.

Maidir leis an iarrthóir is fearr:

- Beidh cáilíocht ábhartha aige/aici atá iomchuí don ról sin.
- Léireoidh sé/sí suim i dtionscal an agraibhia agus i slabhra an tsoláthair bia i gcoitinne agus tuiscint orthu.
- Léireoidh sé/sí taithí ar bhainistiú tionscadal nó ar bhainistíocht cáis.
- Beidh taithí nó tuiscint aige/aici ar fhorfheidhmiú agus/nó ar ionchúiseamh.

Luach Saothair

Grád Tuarastail: **Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin**

Scála Tuarastail: **€57,122 - €71,939**

Ráta Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP). Tá an tuarastal sin iníoctha do dhuine aonair a gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin (RPP) a dhéanamh dá p(h)ríomhphínsean (go ginearálta, na daoine sin ar ceapadh chuig an tSeirbhís Phoiblí iad ar dtús ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin).

€54,404 - €68,446

Ráta gan Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (gan RPP). Tá an tuarastal sin iníoctha do dhuine aonair nach gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin (RPP) a dhéanamh dá p(h)ríomhscéim phinsin.

Tabhair faoi deara:

- rachfar isteach ar phointe 1 den scála agus ní bheidh sé sin faoi réir idirbheartaíochta;
- féadfaidh pá agus coinníollacha a bheith i bhfeidhm más Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí atá ag obair é/í an duine a cheapfar, díreach roimh an gceapachán;
- féadfar ráta an luacha saothair a choigeartú ó am go chéile i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana. Tá an tsaoire sin ar bhonn seachtaine cúig lá agus níl gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Conradh: Buan

Obair Chumaisc: Mar chuid de shocruithe oibre cumaisc an Rialálaí Agraibhia, tá ceanglas ann nach mór do gach ball foirne freastal ar oifig Bhacastúin trí lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad agus is gá le ceann de na laethanta sin a bheith ar an Máirt . Beidh na laethanta oifige sin comhaontaithe roimhe ré le do bhainisteoir mar chuid den phróiseas Iarratais Oibre Cumaisc.

Promhadh: Tá tréimhse phromhaidh 12 mhí i bhfeidhm – tá níos mó mionsonraí ar fáil sa Leabhrán Eolais Thábhachtaigh d'Iarrthóirí (dá dtagraítear thíos).

Próiseas Roghnaithe

Sula gcuirfidh tú d'iarratas i gcrích, léigh an Leabhrán Eolais Thábhachtaigh d'Iarrthóirí atá ar ár leathanach gairmeacha [anseo](#).

Conas Iarratas a Dhéanamh

Cuir d'iarratas isteach in aon doiciméad focal aonair amháin nó in PDF ina dtagraítear do theideal an ról a bhfuil tú isteach ag cur isteach air i líne ábhair an ríomhphoist chuig Abigail.gannon@rsmireland.ie leis na nithe seo a leanas:

1. Litir mhínithe ina dtugann tú achoimre ar an gcúis gur mhaith leat go measfaí le haghaidh an ról thú agus ar an gcaoi a gcomhlíonann do chuid scileanna agus taithí riachtanais an ról (gan dul thar 2 leathanach); agus
2. CV cuimsitheach (gan dul thar 3 leathanach).

Tabhair faoi deara nach mbeidh an t-iarratas críochnaithe mura gcomhlíontar gach cuid den dá dhoiciméad a iarrtar mar atá leagtha amach thuas. Ní mheasfar iarratais neamhiomlána le haghaidh na chéad chéime eile den phróiseas roghnaithe.

An Dáta Deiridh

Is é an dáta agus an t-am deiridh le haghaidh iarratas 12pm (meán lae) go docht ar Feabhra 28th 2025. Ní féidir glacadh le hiarratais a gheofar tar éis an spriocdháta shonraithe.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 2 lá oibre tar éis é a chur isteach, seol ríomhphost chuig Abigail.gannon@rsmireland.ie

Cigire Comhlíontachta - Príomhinniúlachtaí

Ceannasaíocht Foirne	Oibriú leis an bhfoireann chun ardfeidhmíocht a éascú, cuspóirí soiléire agus réalaiócha a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn
	Eolas soiléir agus comhairle a sholáthar maidir leis an méid atá ag teastáil ón bhfoireann
	A d(h)ícheall a dhéanamh chun bealaí nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le hobair éifeachtach chun cuspóirí a bhaint amach
	An fhoireann a threorú le dea-shampla, oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá
	A lán béime a chur ar fhorbairt na foirne, oiliúint agus uasmhéadú scileanna & acmhainn na foirne
	A bheith solúbtha agus toilteanach dul in oiriúint do chur chun feidhme athruithe agus cur leis ar bhealach dearfach
Breithiúnas, Anailís & Cinnteoireacht	Faisnéis ó fhoinsí ábhartha a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, is cuma más faisnéis airgeadais nó uimheartha d'aon chineál eile atá i gceist agus tosca ríthábhachtacha a mheas
	Aon saincheisteanna níos leithne, cláir oibre, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara chur san áireamh agus é/í ag déanamh cinntí
	Eolas agus taithí roimh ré a úsáid chun cinntí a threorú
	Breithiúnas a úsáid chun cinntí stuama a dhéanamh le bunús dea-réasúnaithe agus seasamh leo siúd
	Réitigh chun dul i ngleic le fadhbanna a mholadh
Bainistíocht & Seachadadh Torthaí	Freagracht a ghlacadh agus a bheith cuntasach as seachadadh na gcuspoirí comhaontaithe
	Raon tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú go rathúil ag an am céanna
	A c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile a leagan amach agus a eagrú go héifeachtach
	A bheith loighciúil agus pragmatach maidir le cur chuige agus na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil
	Obair a tharmligean go héifeachtach agus faisnéis shoiléir agus fianaise á soláthar maidir leis an méid atá de dhíth
	Réimsí le haghaidh feabhais a shainnithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla le haghaidh a gcur chun feidhme a fhorbairt
	Díograis a léiriú maidir le forbairtí nua/cleachtais oibre atá ag athrú agus iarracht a dhéanamh iad sin a chur chun feidhme
	Córais/ próisis chúí a chur i bhfeidhm chun dearbhú cáilíochta a chumasú ar gach gníomhaíocht agus ar gach aschur
Béim láidir ar sholáthar seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí, idir inmheánach agus seachtracha, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn	
Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide	Teagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile a fhorbairt agus a choimeád chun cabhrú le feidhmíocht an róil
	Feidhmiú mar cheangal éifeachtach idir foireann agus ardbhainistíocht
	Cainteanna oscailte fiúntacha faoi shaincheisteanna oibre a spreagadh
	Prionsabail dhaingne a léiriú agus tacaíocht a fháil trí achomre ar fhaisnéis ábhartha a dhéanamh agus na buntáistí a chur ina luí ar dhaoine
	Caitheamh le daoine eile le stuaim, tuiscint, cúirtéis agus meas, fiú nuair a bhíonn tosca dúshlánacha ann
	Faisnéis a chur i láthair ar bhealach soiléir, gonta agus muiníneach agus i scríbhinn agus ó bhéal
	Comhoibriú le comhghleacaithe agus tacú leo chun spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt	Tuiscint shoiléir ar na ról, na cuspóirí agus na spriocanna dó/dí féin agus don fhoireann agus ar conas a thagann siad le hobair an aonaid agus na Roinne/na hEagraíochta agus a bheith in ann é sin a chur in iúl do dhaoine
	Ardleibhéil oilteachta agus eolas earnála fairsing aige/aici atá ábhartha dá réimse oibre
	Dírithhe ar fhéinfhorbairt, chun feidhmíocht a fheabhsú
Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí	Iarracht a dhéanamh feidhmiú ar ardleibhéal agus fuinneamh nach beag a chaitheamh chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
	Teacht aniar a léiriú in ainneoin toasca dúshlánacha agus éilimh mhóra
	A bheith ina d(h)uine iontaofa ar féidir brath air/uirthi
	A chinntiú go bhfuil custaiméirí i gcroílár gach seirbhíse a sholáthraítear
	Cloí le hardchaighdeán maidir le hionracas, eitic agus macántacht